**Litir réamhdhúnta i leith ilghearán faoi shárú a bhfuil sé líomhainte go ndearna an Ghearmáin é ar rialacha an Aontais maidir leis an tsaoirse chun seirbhísí iompair de bhóthar a sholáthar, mar a leagadh síos le reachtaíocht thánaisteach i réimse an iompair *(tiománaithe a phostú agus rialacha pá íosta)* – CPLT(2015)00227**

In 2015, fuair an Coimisiún Eorpach líon mór gearán i leith dhlí na Gearmáine maidir le pá íosta ginearálta ([1]) agus le cur i bhfeidhm an dlí sin maidir le tiománaithe cuideachtaí iompair de bhóthar suite i mBallstáit eile. Cláraíodh na gearáin sin faoin tagairt CPLT(2015)00227 (CHAP(2015)00227 roimhe seo) ([2]). D'admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas na gearáin sin trí fhógra a fhoilsiú an 13 Márta 2015 ([3]).

Líomhnaíodh sna gearáin gur sháraigh reachtaíocht náisiúnta na Gearmáine mar a bhí sí i bhfeidhm an tráth sin (Dlí lena rialáiltear pá íosta ginearálta ([4]) chomh maith le reachtaíocht a bhaineann leis sin amhail an dlí maidir le postú oibrithe ([5]), an dlí maidir le léasú lucht saothair ([6]), agus an reachtaíocht cur chun feidhme a fhreagraíonn dóibh sin, gur sháraigh an méid sin an reachtaíocht de chuid an Aontais a bhí i bhfeidhm an tráth sin.

D'ardaigh na gearáin ceist faoi cá huair atáthar lena mheas go bhfuil oibrithe san iompar 'postaithe' de réir bhrí Threoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le postú oibrithe faoi chuimsiú an tsoláthair seirbhísí ([7]). Rinneadh obair leantach ar na gearáin i gcomhthéacs nós imeachta INFR(2015)2100 maidir le sárú i dtaca leis an nGearmáin gan dlí an Aontais a chomhlíonadh ([8]). Cuireadh litir fógra fhoirmiúil chuig an nGearmáin an 19 Bealtaine 2015 agus litir fógra fhoirmiúil bhreise an 17 Meitheamh 2016.

Athraíodh an creat reachtaíochta maidir le hoibrithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar ó shin.

An 1 Lúnasa 2020, tháinig Treoir (AE) 2020/1057[9] (dá ngairtear 'an Treoir' anseo feasta), lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an

---

([1]) *Gesetz zur Regelung eines allgemeinen Mindestlohns („Mindestlohngesetz")* an 11 Lúnasa 2014 (BGBl. I S. 1348).

([2]) De bharr athrú ar chóras inmheánach an Choimisiúin le haghaidh clárú gearán, athraíodh an réimír sna huimhreacha tagartha (CPLT in ionad CHAP). Ní dhéanann sin aon difear don ghearán, áfach.

([3]) EUR-Lex - 52015XC0313(02) - EN - EUR-Lex (europa.eu).

([4]) Féach fonóta 1.

([5]) *Gesetz über zwingende Arbeitsbedingungen für grenzüberschreitend entsandte und für regelmäßig im Inland beschäftigte Arbeitnehmer und Arbeitnehmerinnen ("Arbeitnehmer-Entsendegesetz")* (BGBl. I S. 227).

([6]) *Gesetz zur Regelung der Arbeitnehmerüberlassung ("Arbeitnehmerüberlassungsgesetz")* (BGBl. I S. 1393).

([7]) IO L 18, 21.1.1997, lch. 1.

([8]) Gan prionsabail an Chonartha a chomhlíonadh maidir leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, le saorghluaiseacht earraí agus le prionsabal an riachtanais agus na comhréireachta, chomh maith le Treoir 96/71/CE, Treoir 2014/67/AE, Treoir 2012/34/AE, Rialacháin (CE) Uimh. 1071/2009, 1072/2009 agus 1073/2009, Rialachán (CE) Uimh. 1356/96, Rialachán (CEE) Uimh. 3921/91, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (CE) Uimh. 593/2008, agus Cinneadh Uimh. 357/2009.

([9]) Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha sonracha i ndáil le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le hoibrithe a phostú in

iompair de bhóthar. Tá sé mionsonraithe inti cá huair atáthar lena mheas go bhfuil tiománaí san iompar postaithe agus cá huair nach bhfuiltear, rud atá fíor-riachtanach chun a dhéanamh amach cé na rialacha is infheidhme maidir le luach saothair. Ceanglaíodh ar na Ballstáit an Treoir sin a thrasuí sa dlí náisiúnta faoin 2 Feabhra 2022.

Dhearbhaigh an Ghearmáin go raibh an Treoir trasuite ina hiomláine aici an 10 Iúil 2023. Mar an príomh-acht dlí lenar trasuíodh an Treoir, thug an Ghearmáin fógra faoin Dlí lena rialáiltear postú tiománaithe in earnáil an iompair de bhóthar agus forfheidhmiú trasteorann an dlí maidir le postú ([10]). Leis an dlí sonrach sin, leasaíodh dlíthe a bhaineann le postú agus pá íosta (go háirithe, an dlí maidir le postú oibrithe, an t-acht maidir le pá íosta, an dlí maidir le léasú lucht saothair, an t-acht chun obair neamhdhearbhaithe a chomhrac, an reacht maidir le pá íosta a thuairisciú agus an reacht maidir le doiciméadú pá íosta ([11])).

Rinne ranna an Choimisiúin réamh-mheasúnú ar fhorálacha na Gearmáine faoinar tugadh fógra agus lenar trasuíodh forálacha Threoir (AE) 2020/1057, lena sonraítear na cásanna postúcháin éagsúla chomh maith leis na rialacha a bhaineann le clárú, doiciméadú agus bearta rialúcháin. Tháinig siad ar an gconclúid shealadach gur cosúil go bhfuil forálacha na Gearmáine i gcomhréir leis an Treoir.

Tar éis na n-athruithe ar tugadh tuairisc orthu i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le hoibrithe a phostú san iompar de bhóthar agus tar éis thorthaí dearfacha an réamh-mheasúnaithe ar na bearta trasuí faoinar thug an Ghearmáin fógra, níl sé beartaithe ag ranna an Choimisiúin a mholadh go leanfadh an Coimisiún de nós imeachta INFR(2015)2100 maidir le sárú.

Ba mhaith le ranna an Choimisiúin a chur in iúl do na gearánaithe chomh maith go ndéanann an Coimisiún imscrúdú go córasach féachaint ar trasuíodh treoracha mar is ceart i reachtaíocht na mBallstát. Tá ranna an Choimisiúin i mbun measúnú mionsonraithe faoi láthair féachaint ar trasuíodh Treoir (AE) 2020/1057 mar is ceart i ndlí náisiúnta na mBallstát uile.

Ina theannta sin, faoi dheireadh 2025, ‘ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar thionchar chur i bhfeidhm agus fhorfheidhmiú na rialacha maidir le hoibrithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus tuarascáil ar thorthaí na meastóireachta sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, maille le togra reachtach i gcás inarb iomchuí.’ ([12])

Dá bhrí sin, is mian leis an gCoimisiún a chur in iúl do na gearánaithe go bhfuil sé de rún aige na gearáin atá cláraithe faoi uimhir CPLT(2015)00227 a dhúnadh. Má bhíonn aon fhaisnéis nua ag gearánaithe arbh fhéidir go mbeadh sí ábhartha i leith athmheasúnú an cháis seo, iarrtar orthu an fhaisnéis nua sin a chur isteach chuig an gCoimisiún Eorpach

earnáil an iompair de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 2006/22/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais forfheidhmithe agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 49).

([10]) *Gesetz zur Regelung der Entsendung von Kraftfahrern und Kraftfahrerinnen im Straßenverkehrssektor und zur grenzüberschreitenden Durchsetzung des Entsenderechts vom 28 Juni 2023*, BGBl I an 30 Meitheamh 2023, Uimh. 172.

([11]) *Arbeitnehmerentsendegesetz, Mindestlohngesetz, Arbeitnehmerüberlassungsgesetz, Schwarzarbeitsbekämpfungsgesetz, Mindeslohnmeldeverordung, Mindestlohndokumentationspflichtenverordnung*, féach BGBl I an 30 Meitheamh 2023, Uimh. 172.

([12]) Aithris (41) de Threoir (AE) 2020/1057, féach Airteagal 7 (1) de freisin.

(MOVE-C1-SECRETARIAT@ec.europa.eu) laistigh de 4 seachtaine ó fhoilsiú an fhógra seo. Mura mbeidh aon fhaisnéis nua faighte laistigh de 4 seachtaine, sin nó mura dtiocfaidh conclúid eile as an bhfaisnéis nua a fuarthas, féadfaidh an Coimisiún an cás a dhúnadh.